Tá Muineachán le Gaeilge ag cur painéal múinteoirí le chéile

Tá Muineachán le Gaeilge ag cur le chéile painéal múinteoirí le réimse leathan de ranganna a theagasc. Tá fáilte roimh mhic léinn, múinteoirí bunscoile, múinteoirí Gaeilge, múinteoirí ceoil, ceannairí naíscoile/naíonra agus daoine eile atá líofa sa Ghaeilge iarratas a chur isteach le haghaidh an phainéil seo. Ní gá d'iarrthóirí cáilíocht a bheith acu mar mhúinteoir. Más mian leat iarratas a chur isteach le haghaidh an phainéil, iarrtar ort suirbhé a líonadh amach ar an suíomh idirlín: http://mlg.ie/. I measc na ranganna a chuirfear ar fáil beidh:

- Ranganna Gaeilge
- Ranganna Ceoil
- Spórt trí Ghaeilge
- Grúpaí tuistí agus tachrán
- Clubanna óige trí Ghaeilge
- Gaeilge sa bhaile

Cuirfear ábhar teagaisc ar fáil do mhúinteoirí don chuid is mó de na ranganna, mar sin ní gá do mhúinteoirí am a chaitheamh ag cur le chéile nótaí srl. Má tá tuilleadh eolais ag teastáil, Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig nollaig@mlg.ie